**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 41

# An Oifig um Sholáthar Rialtais

## Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 41. Tá sé de chúram orm an cuntas leithreasa a ullmhú le haghaidh an Vóta, agus an cuntas a chur isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 maidir le tuarastail agus costais na Oifig um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear an t-aschur caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €6.15 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Bunú Vóta nua**

Le linn 2013, d’fhaomhaigh an Rialtas plean an Phríomhoifigigh Sholáthair do bhunú na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR). Áiríodh mar chuid de sin trasdul acmhainní soláthair ón tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) agus ón Aonad Polasaí um Sholáthar Náisiúnta Poiblí (APSNP) laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig an OSR, in éineacht le feidhm fhoinsithe Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

I 2014 cruthaíodh Vóta nua don Oifig um Sholáthair Rialtais a chomhcheangail buiséad na SNS agus an APSNP ón Oifig Oibreacha Poiblí agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi seach.  Soláthraíodh roinnt maoinithe bhreise ag an am freisin.

Idirthréimhse don Vóta seo atá i gceist le 2015 – de réir mar a théitear ar aghaidh leis an aistriú chuig na struchtúir nua sholáthair, mar a earcaítear foireann agus mar a fhorbraítear córais éirime gnó. Le himeacht ama, tá sé i gceist go gcuirfí táille cuí i bhfeidhm do sheirbhísí soláthair (trí mheán aistrithe bhuiséid ar fud na rannóg custaiméirí), ós rud é nach mbeidh na rannóga seo ag soláthar na seirbhísí seo a thuilleadh iad féin. Tá sé i gceist go mbeidh an ranníocaíocht ar fud na rannóg custaiméirí agus na gcomhlachas seirbhíse poiblí bunaithe ar chaiteachas comhréireach soláthair.

Faoi mar a cuireadh in iúl sa nóta, le linn an bhunaithe agus le linn na hidirthréimhse maoineofar an Oifig go hiomlán ón Vóta. Ní leanfadh na haistrithe buiséid go dtí níos déanaí, nuair atá an tseirbhís ag lánfheidhmiú agus é cruthaithe go bhfuil sé indéanta an ranníocaíocht chuí a mheas ó Vótaí eile. Ní bhaineann ceist na laghduithe ar Vótaí eile le hábhar le linn céim na hidirthréimhse.

Ós rud é gur seo chéad bhliain na gcuntas, níor cuireadh figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe san áireamh.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

***Polasaí stoc***

Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), Seirbhísí Roinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 41) stoic intomhalta TE. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socruithe rialaithe do sheirbhísí AD agus do sheirbhísí roinnte párolla a soláthraíodh don Oifig seo ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte, a bhfuil mé mar Oifigeach Cuntasaíochta acu sin chomh maith.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 41.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

31 Lúnasa 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 41 An Oifig um Sholáthar Rialtais

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 41 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 41 An Oifig um Sholáthar Rialtais don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2015

# Vóta 41 An Oifig um Sholáthar Rialtais

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | |
| A | Soláthar na seirbhíse soláthair láir | 12,781 | 6,377 |
| | **Ollchaiteachas** | **12,781** | **6,377** |
| | *Asbhain* | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **350** | **225** |
| | **Glanchaiteachas** | **12,431** | **6,152** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Chuid 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir suim ar fad nó cuid d'aon leithreasuithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2014 |
|---|---|
| | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 6,279,345 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | (125,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 6,154,345 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 6,233 | 4,550 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 300 | 87 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 416 | 150 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 350 | 34 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 688 | 578 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 444 | 109 |
| | | 8,431 | 5,508 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 869 |
| Pá | | 4,550 |
| Neamhphá | | 958 |
| **Ollchaiteachas** | | **6,377** |
| *Asbhain* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **225** |
| **Glanchaiteachas** | | **6,152** |
| | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (338) | |
| Dímheas | 66 | (272) |
| | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (82) | |
| Méadú ar stoc | (2) | |
| | | (84) |
| **Caiteachas díreach** | | **5,796** |
| | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 373 |
| Meas-chíosanna | | 39 |
| **Costas glan clár** | | **6,208** |

#### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 41 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2014 |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | m | 74 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | | 2 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 291 |
| Vóta 18 Seirbhísí Roinnte | m | 6 |
| | | **373** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **272** |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 122 |
| Stoic | 2.4 | 2 |
| Réamhíocaíochtaí | | 112 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 284 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **520** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Costais fhabhraithe | | 30 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 258 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 148 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **436** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **84** |
| **Glansócmhainní** | | **356** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **356** |

| **2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 12,431 | |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | | (125) | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (6,154) | |
| Vóta glan | | | 6,152 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 373 |
| Míreanna neamhairgid – meas-chíosanna | | | 39 |
| Costas glan clár | 1 | | (6,208) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **356** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | — | — | — | — |
| Breiseanna | 326 | 12 | — | 338 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 326 | 12 | — | 338 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | — | — | — | — |
| Dímheas don bhliain | 65 | 1 | — | 66 |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2014 | 65 | 1 | — | 66 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **261** | **11** | **—** | **272** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 122 |

| **2.4 Stoic** | **2014** |
|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| Ábhair inchaite TF | 2 |

**2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| ag 31 Nollaig | **2014** |
|---|---|
| | **€000** |
| Óinchistí taistil | 23 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 48 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 213 |
| | 284 |

| **2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2014** |
| --- | --- |
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Suimeanna dlite don Stát | |
| Cáin Ioncaim | 84 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 55 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 30 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 17 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 29 |
| Cáin Bhreisluacha | 3 |
| | 219 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 20 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 19 |
| | 258 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** |
| --- | --- |
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 6,154 |
| Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas | 125 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (6,131) |
| Glandliteanas don Státchiste | 148 |
| | |
| **Arna léiriú ag:** | |
| | |
| **Féichiúnaithe** | |
| Banc agus airgead tirim | 122 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 284 |
| | 406 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (219) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (39) |
| | (258) |
| | |
| | 148 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2014** |
| --- | --- |
| ag 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 412 |

| **2.9 Dliteanais Aibithe** | **2014** |
| --- | --- |
| | **€000** |
| | |
| Meastachán de dhliteanais aibí nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana | 1 |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **A** | **Soláthar na seirbhíse soláthair láir** | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 6,233 | 4,550 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 2,198 | 958 |
| A.3 | Costais chomhairleoireachta soláthair agus costais eile | 4,350 | 869 |
| | | 12,781 | 6,377 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €6.4 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,683 | Bhí an soláthar measta do 2014 bunaithe ar an ionchas go mbeadh earcaíocht ann thar an gcéad sé mhí de bhliain agus go mbeadh líon iomlán de 231 ball foirne i bhfeidhm i lár na bliana 2014. Bhí an ráta earcaíochta níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, agus bhí beagnach dhá thrian den fhoireann (141) 'ar bord' ag deireadh 2014. |
| Riarachán – neamhphá | 1,240 | Toisc gur thóg an próiseas earcaíochta foirne i bhfad ní b'fhaide ná mar a bhíothas ag súil leis, bhí tionchar iarmhartach ag an méid sin ar an bhfo-mhírcheann seo. |
| Costais chomhairleoireacht a soláthair agus costais eile | 3,481 | Mar gheall ar mhoilleanna ar fhoireann a earcú, ní rabhthas in ann a lán tionscnamh nua a chur ar aghaidh sa bhliain 2014 mar a bhí beartaithe ar dtús. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | |
|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 345 | 225 |
| 2. | Ilghnéitheach | 5 | — |
| | **Iomlán** | **350** | **225** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 120 | Bhain an difríocht san asbhaint phinsean-choibhneasta go díreach leis na moilleanna ar bhaill foirne a cheapadh. |

| **4.2 Fáltais Bhreise atá iníoctha leis an Státchiste** | **2014** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | — |
| Iacáiste ó sholáthraithe | 19 |
| Aistriú chuig an Státchiste | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 19 |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 |
|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 141 |

| | 2014<br>€000 |
|---|---|
| Pá[a] | 4,252 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 10 |
| Liúntais eile | 17 |
| Ragobair | 8 |
| ÁSPC an Fhostóra | 263 |
| **Pá iomlán** | **4,550** |

[a] Áirítear le figiúr an phá ró-íocaíochtaí tuarastail €1,270 a tháinig as moilleanna riaracháin. Táthar i mbun iad seo a aisghabháil.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2014<br>€ |
|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 1 | — | 9,714 |
| Liúntais eile | 3 | — | 9,769 |
| Ragobair | 3 | — | 7,140 |

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais dlí

Tá dlíthíocht ar siúl maidir. Tá na caingne sin á gcosaint faoi láthair agus, ar an mbonn sin, ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha lena mbaineann.

### 6.2 Anonn go 2015

Faoi fhorálacha Ailt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €125,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir le heilimintí caipitil an Fho-cheannteidil A.2 ar aghaidh go 2015.